



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2022
(OR. en)

11329/22
ADD 1

ENV 745
MAR 146
RECH 441
RELEX 1010
ONU 103

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	12 Iúil 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 342 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le truailliú plaisteach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 342 final - IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: COM(2022) 342 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.7.2022
COM(2022) 342 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

**lena n-údaráítear tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais Eorpaigh le
haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le truailliú plaisteach**

IARSCRÍBHINN

TREORACHA LE HAGHAIDH CAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH AR CHOMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE TRUAILLIÚ PLAISTEACH

- (1) Faoi chuimsiú an phróisis idir-rialtasaigh a leagtar amach i Rún 5/14 arna ghlacadh ag an gCúigiú Seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA), lena gcuirtear ar fáil fóram caibidlíochta a bheidh cuimsitheach ar fud an domhain, is é an aidhm a bheidh ag an gCoimisiún comhaontú idirnáisiúnta a chaibidliú maidir le truailliú plaisteach¹ (dá ngairfear ‘an Comhaontú maidir le Plaistigh’ anseo feasta).
- (2) Féachfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh, le toradh cuimsitheach caibidlithe a bhaint amach, lena gcuimseofar na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach thíos.
- (3) Leagfar amach sa Chomhaontú maidir le Plaistigh cineálacha cur chuige atá ceangailteach ó thaobh dlí agus neamhcheangailteacha dá Pháirtithe chun an truailliú plaisteach a laghdú agus chun inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht fhoriomlán na bplaisteach a mhéadú ó thaobh saolré de. Ní fios go fóill raon feidhme beacht an chomhaontaithe idirnáisiúnta atá beartaithe, ach cuireann an sainordú don Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach i dtreis gur cheart a chur san áireamh ann bearta feadh shaolré iomlán na bplaisteach, lena n-áirítear dearadh, táirgeadh agus tomhaltas plaisteach, agus an bainistiú dramhaíola, lena n-áirítear amhábhair thánaisteacha a ghiniúint.
- (4) Ba cheart na hoibleagáidí a chumadh, lena n-áirítear i mbrollach an Chomhaontaithe maidir le Plaistigh, trí shraith cuspóirí ginearálta, prionsabail agus i gcás inarb iomchuí, spriocanna chun feabhas a chur ar tháirgeadh, ar thomhaltas, agus ar bhainistiú dramhaíola inbhuanaithe agus ciorclach plaisteach chun úsáid inbhuanaithe éiceachóras talún agus muirí a chosaint, a athbhunú agus a chur chun cinn, na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le plaistigh a laghdú, chomh maith le patrúin tomhaltas agus táirgeachta inbhuanaithe a áirithiú, lena n-áirítear leibhéil inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltas plaisteach agus cosc nó deireadh a chur le hábhair agus táirgí i gcás inarb iomchuí. Ba cheart an méid seo a leanas a bheith ar áireamh sna prionsabail:
 - An dearadh don chiorclaíocht agus don inbhuanaitheacht a aithint mar bhonn chun an dramhaíl a sheachaint agus chun táirgí plaisteacha fadtéarmacha/marthanacha atá so-athúsáidte agus/nó in-athchúrsáilte agus ar ardcháilíocht a áirithiú (mar shampla, cuimsiú plaisteach athchúrsáilte a chothú i dtáirgí nua);
 - Díriú ar na plaistigh is cúis le formhór na giniúna agus an truaillithe dramhaíola (lena n-áirítear an truailliú muirí) agus a d’fhéadfadh táirgí níos marthanaí agus níos inbhuanaithe, táirgí a bhfuil tionchar níos ísle acu ar an gcomhshaol nó ábhair eile a chur ina n-ionad (i gcás inar ísle an tionchar a bhíonn ag an saolré);

¹ Is éard atá i gceist leis an ainmniú sin comhaontú de réir bhrí Airteagal 2.1(a) de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí agus tá sé gan dochar don ainm a roghnóidh sínitheoirí an chomhaontaithe ar deireadh, e.g. coinbhinsiún, conradh nó comhaontú.

- Deireadh a chur le comhdhúile agus breiseáin a chur le plaistigh a chuireann isteach ar a n-inbhuanaitheacht agus ar a gclóircláíocht, lena n-áirítear plaistigh ocsó-indíghrádaithe agus breiseáin ghuaiseacha (amhail luaidhe agus substaintí atá bunaithe ar chaidmiam, earraí lasairmhoillitheacha, taláití, PFAS);
- Aird ar leith a thabhairt ar éifeachtaí micreaphlaistigh, a astaítear go díreach i bhfoirm atá bith-infhaighte d'orgánaigh agus nach féidir a bhaint a luaith a bheidh siad sa chomhshaoil, agus an gá atá le deireadh a chur le micreaphlaistigh a chur i bhfeidhm d'aon ghnó i dtáirgí éagsúla nuair atá roghanna malartacha ar fáil, agus chun aghaidh a thabhairt ar scaoileadh neamhbheartaithe micreaphlaisteach;
- Aitheantas a thabhairt don ghá atá le bainistíocht chuí chiorclach agus tairbhí foriomlána comhshaoil a bhaineann le plaistigh bhithbhunaithe agus in-bhithdhíghrádaithe a áirithiú, cé nach bhfuil iontu ach céatadán beag plaisteach ar an margadh domhanda;
- An tábhacht lárnach a bhaineann le bailiú ar leithligh dramhaíola plaistí mar bhealach chun bainistiú dramhaíola atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil a dhéanamh, lena n-áirítear athchúrsáil, inmharthana, agus chun bainistiú foriomlán dramhaíola a fheabhsú i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola;
- Aitheantas nár cheart don tsochaí (trí cháiniocóirí) ná don chomhshaoil na costais sheachtracha a bhaineann le bainistiú dramhaíola plaistí, bailiú bruscair agus truailliú a íoc, agus gur cheart scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gurb iad na daoine a chuireann plaistigh nó táirgí ina bhfuil plaistigh ar an margadh a sheasfaidh na costais sin;
- Ord na réiteach dramhaíola a chur chun feidhme, agus úsáid níos faide, athúsáid agus cosc dramhaíola mar thosaíocht dheiridh, agus béim ar leith á leagan ar bhearta laghdaithe dramhaíola do phríomhtháirgí agus ar an mbrúscar a chomhrac, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht;
- Comhaontú gur cheart go n-éileodh loingsithe dramhaíola plaistí ar ghnóthais go bhfuil an tír cinn scríbe/an tsuiteáil in ann an dramhaíl a bhainistiú, a phróiseáil agus a athchúrsáil de réir ardchaighdeán, i ndáil le Comhaontú Basel i gcás inarb infheidhme.

Ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh sna cuspóirí: i) an ceart chun comhshaoil glan agus sláintiúil mar a d'aithin Comhairle um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe, ii) dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta, iii) comhroinnt thráthúil sonraí, táscairí, measúnuithe agus faisnéise maidir le táirgí agus ábhair, iv) faireachán náisiúnta/réigiúnach agus domhanda atá leordhóthanach agus cuíchóirithe ar dhul chun cinn, ar thuairisciú agus ar fhíorú, v) taighde, measúnuithe agus eolas a éascú, agus cur ar chumas an phobail leas a bhaint as faisnéis fhíoraithe agus thráthúil agus an fhaisnéis sin a thuiscint, agus vi) an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na dlúthnaise idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil. Ba cheart prionsabal an chothromais a bheith ina threoir don obair, lena n-áirítear trí chineálacha cur chuige atá íogair ó thaobh an mhíchumais de agus atá freagrúil ó thaobh inscne de.

(5) Ba cheart forálacha ina leagtar amach an méid seo a leanas a bheith sa Chomhaontú maidir le Plaistigh freisin:

- An creat institiúideach;

- Rialacha maidir le ceapadh rialacha amach anseo;
- Faireachán, sonraí a chur ar fáil go poiblí, sásraí comhlíonta agus cuntasachta ag gach céim den saolré: i) amhábhair chun plaistigh a tháirgeadh; ii) monarú plaisteach agus táirgí plaisteacha, lena n-áirítear an dearadh; iii) tomhaltas/úsáid táirgí plaisteacha; iv) bainistiú dramhaíola, truailliú bruscair phlaistigh agus mhicreaphlaistigh;
- Oibleagáidí agus úinéireacht tíre chomh maith le cuir chuige ‘uile-rialtais’/thrastearnálacha as a dtiocfaidh leas slógadh níos fearr na n-inniúlachtaí agus na n-acmhainní uile mar aon le comhleanúnachas maidir le truailliú plaisteach a chosc, laghdú a dhéanamh ar ghiniúint dramhaíola plaistí, aistriú chuig tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe agus freagairt ar an leibhéal domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus pobail/áitiúil; agus
- Tacaíocht airgeadais, cúnamh teicniúil agus forbairt acmhainní lena ndírítear ar an méid seo a leanas:
 - Cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe maidir le Plaistigh agus na ngealltanas gaolmhar agus
 - Feabhas a chur ar shásraí náisiúnta agus réigiúnacha chun an truailliú plaisteach a chosc, faireachán, sonraí, táscairí, tuairisciú agus fíorú, ullmhacht, agus freagairt (lena n-áirítear sásraí comhordaithe idirghníomhaireachta agus idirearnála);
 - Rialacha maidir le cóireáil dramhaíola plaistí trí bhearta a chur chun feidhme amhail scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, lena gcuirtear iallach ar údair an truaillithe, ní hamháin ar chomhlachtaí poiblí nó ar institiúidí airgeadais

tá dlúthbhaint aici leis na catagóirí forálacha thuas nó le héifeachtacht an Chomhaontaithe maidir le Plaistigh i bhfianaise a chuspóirí agus a phrionsabail ghinearálta.

- (6) Ba cheart é a bheith d’aidhm ag an gComhaontú maidir le Plaistigh forálacha substainteacha agus gealltanais shubstainteacha a leagan síos, go háirithe sna príomhréimsí a luaitear thuas, agus an bealach a leagan amach don chaibidlíocht amach anseo, lena n-áirítear trí bhíthin iarscríbhinní agus/nó prótacal. D’fhéadfaí forálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí a chomhlánú le forálacha neamhcheangailteacha (amhail treoirlínte, caighdeáin agus dearbhuithe).
- (7) Ba cheart cead a thabhairt do Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe agus d’eagraíochtaí réigiúnacha (eacnamaíocha) lánpháirtíochta a bhfuil inniúlachtaí aistrithe ag na Ballstáit chucu maidir le hábhair a bhaineann le forálacha an chomhaontaithe a bheith ina bpáirtithe sa Chomhaontú maidir le Plaistigh nó in aon cheann dá phrótacail. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh forálacha iomchuí sa Chomhaontú maidir le Plaistigh a bheidh ann amach anseo, tar éis fhorálacha na gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil a rinneadh le déanaí, rud lena gcuirfear ar chumas an Aontais a bheith ina Pháirtí Conarthach ann. Ba cheart socruithe sonracha a leagan amach freisin le haghaidh comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le páirtithe leasmhara neamhrialtasacha.
- (8) Ba cheart idirthréimhsí le haghaidh cur chun feidhme agus tacaíocht ghaolmhar cur chun feidhme a mheas freisin, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais na dtíortha ísealioncaim agus na dtíortha íseal-mheánioncaim.

- (9) Déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Choiste Caibidlíochta Idir-rialtasach atá i gceannas ar Chomhaontú maidir le Plaistigh a fhorbairt, mar a leagtar amach i Rún 5/14 ó UNEA, agus in aon chomhlacht ullmhúcháin nó gaolmhar.
- (10) Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú go bhfuil an Comhaontú maidir le Plaistigh comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.
- (11) Ba cheart don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm.